Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2022
(OR. en)

9787/16

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0112 (NLE)**

**COASI 118**
**ASIE 43**
**NZ 3**
**POLGEN 48**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le caidreamh agus comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile |

COMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA
MAIDIR LE CAIDREAMH AGUS COMHAR
IDIR AN tAONTAS EORPACH
AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT AMHÁIN,
AGUS AN NUA-SHÉALAINN, DEN PHÁIRT EILE

Tá an tAONTAS EORPACH (dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta),

agus

RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

POBLACHT NA hEASTÓINE,

ÉIRE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA CRÓITE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

AN UNGÁIR,

POBLACHT MHÁLTA,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA hOSTAIRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE,

RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

Ballstáit an Aontais Eorpaigh, dá ngairtear 'na Ballstáit' anseo feasta,

de pháirt amháin, agus

AN NUA-SHÉALAINN,

den pháirt eile,

dá ngairtear 'na Páirtithe' anseo feasta,

AG FÉACHAINT dá luachanna comhroinnte agus dá ndlúthcheangail stairiúla, polaitiúla, eacnamaíocha agus chultúrtha,

AG FÁILTIÚ ROIMH an dul chun cinn a rinneadh maidir lena gcaidreamh chun tairbhe an dá thaobh a fhorbairt ó glacadh an Dearbhú Comhpháirteach maidir le Caidreamh agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn an 21 Meán Fómhair 2007,

AG ATHDHAINGNIÚ DÓIBH a dtiomantas do chuspóirí agus do phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe ('Cairt na Náisiún Aontaithe') agus do ról na Náisiún Aontaithe ('NA') a neartú,

AG ATHDHEARBHÚ a dtiomantas do phrionsabail an daonlathais agus do chearta an duine mar a leagtar síos i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus in ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha eile maidir le cearta an duine mar aon le prionsabail an smachta reachta agus an dea-rialachais,

AG AITHINT DÓIBH tiomantas ar leith Rialtas na Nua-Shéalainne do phrionsabail Chonradh Waitangi,

AG LEAGAN BÉIM DÓIBH ar chineál cuimsitheach an chaidrimh atá eatarthu a thábhachtaí atá sé creat comhleanúnach a chur ar fáil chun forbairt an chaidrimh sin a chur chun cinn,

AG CUR IN IÚL DÓIBH an toil atá iontu comhpháirtíocht neartaithe a dhéanamh den chaidreamh atá eatarthu,

AG DAINGNIÚ DÓIBH gurb é is mian dóibh an t-idirphlé polaitiúil agus an comhar a neartú agus a fhorbairt,

AGUS É DE RÚN DAINGEAN ACU an comhar i réimsí leasa fhrithpháirtigh a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a éagsúlú, ar an leibhéal déthaobhach, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda, agus chun a gcomhleasa,

AGUS É Á AITHINT ACU gur gá comhar feabhsaithe a bheith ann i réimsí an cheartais, na saoirse agus na slándála,

AGUS É Á AITHINT ACU gurb é is mian leo forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn gona gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil,

AGUS É Á AITHINT ACU SA BHREIS AIR SIN gurb é a leas coiteann comhthuiscint agus naisc láidre idir daoine a chur chun cinn, lena n-áirítear trí thurasóireacht, socruithe cómhalartacha lena gcuirtear ar chumas daoine óga cuairt a thabhairt ar thíortha eile agus glacadh le roghanna oibre agus staidéir, agus cuairteanna gearrthéarmacha eile,

AG ATHDHAINGNIÚ a dtiomantas láidir don fhás eacnamaíoch, don rialachas eacnamaíoch domhanda, don chobhsaíocht airgeadais agus don iltaobhachas éifeachtach a chur chun cinn,

AG ATHDHEARBHÚa dtiomantas don chomhar agus an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta á gcur chun cinn,

AG TÓGÁIL AR na comhaontuithe a tugadh i gcrích idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn, go háirithe maidir le bainistiú géarchéime, eolaíocht agus teicneolaíocht, seirbhísí aeir, nósanna imeachta um measúnú comhréireachta agus bearta sláintíochta,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE, sa chás gur chinn na Páirtithe, faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo, comhaontuithe sonracha a dhéanamh sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhí le tabhairt i gcrích ag an Aontas de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nach mbeadh forálacha na gcomhaontuithe todhchaí sin ina gceangal ar an Ríocht Aontaithe agus/ná ar Éirinn mura dtugann an tAontas, go comhuaineach leis an Ríocht Aontaithe agus/nó Éire a mhéid a bhaineann lena gcaidreamh déthaobhach faoi seach, fógra don Nua-Shéalainn go bhfuil an Ríocht Aontaithe agus/nó Éire tar éis teacht chun bheith faoi cheangal ag na comhaontuithe sin mar chuid den Aontas, i gcomhréir le Prótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Mar an gcéanna, aon bhearta inmheánacha de chuid an Aontais a bheadh le glacadh ina dhiaidh sin de bhun Theideal V thuasluaite chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme, ní bheidís siad ina gceangal ar an Ríocht Aontaithe agus/nó ar Éirinn mura mbeidh curtha in iúl acu gur mian leo bheith rannpháirteach nó glacadh leis na bearta sin i gcomhréir le Prótacal Uimh. 21.

AG TABHAIRT DÁ nAIRE freisin go dtiocfadh comhaontuithe den sórt sin amach anseo nó bearta inmheánacha an Aontais ina dhiaidh sin faoi Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal leis na Conarthaí sin,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

## AIRTEAGAL 1

Cuspóir an chomhaontaithe

Is é cuspóir an Chomhaontaithe seo comhpháirtíocht neartaithe a bhunú idir na Páirtithe agus comhar a dhoimhniú agus a fheabhsú maidir le saincheisteanna leasa choitinn, agus luachanna coiteanna agus comhphrionsabail á léiriú, lena n-áirítear trí idirphlé ardleibhéil a ghéarú.

## AIRTEAGAL 2

An bonn comhair

1. Athdheimhníonn na Páirtithe a dtiomantas do phrionsabail an daonlathais, do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, don smacht reachta agus don dea-rialachas.

Tá urraim do phrionsabail an daonlathais agus do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha mar a leagtar síos i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus in ionstraimí idirnáisiúnta eile maidir le cearta an duine, agus do phrionsabal an smachta reachta, mar bhonn agus mar thaca ag beartais intíre agus idirnáisiúnta na bPáirtithe agus is gné bhunriachtanach den Chomhaontú seo í.

2. Athdheimhníonn na Páirtithe a dtiomantas do Chairt na Náisiún Aontaithe agus na comhluachanna a léirítear inti.

3. Athdheimhníonn na Páirtithe a dtiomantas gach gné den fhorbairt inbhuanaithe agus den fhás inbhuanaithe a chur chun cinn, rannchuidiú le baint amach na spriocanna forbartha a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta agus comhoibriú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda chomhshaoil, lena n-áirítear an t-athrú aeráide.

4. Cuireann na Páirtithe i dtábhacht a dtiomantas comhroinnte do chineál cuimsitheach a gcaidrimh dhéthaobhaigh agus do leathnú agus doimhniú an chaidrimh, lena n-áirítear trí chomhaontuithe nó trí shocruithe sonracha a thabhairt i gcrích.

5. Beidh cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo bunaithe ar phrionsabail an idirphlé, na hurraime frithpháirtí, na comhpháirtíochta comhionainne, na comhthola agus na hurraime don dlí idirnáisiúnta.

## AIRTEAGAL 3

## Idirphlé

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go gcuirfidh siad feabhas ar an idirphlé rialta eatarthu i ngach réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú seo d’fhonn an cuspóir atá aige a chomhlíonadh.

2. Is trí theagmhálacha, malartuithe agus comhairliúcháin ar leibhéal ar bith, a dhéanfar an t-idirphlé idir na Páirtithe, go háirithe sna foirmeacha seo a leanas:

(a) cruinnithe ar leibhéal na gceannairí, a thionólfar go rialta aon uair a mheasann na Páirtithe gur gá sin;

(b) comhchomhairliúcháin agus cuairteanna ar leibhéal aireachta, a thionólfar cibé ócáidí agus i cibé áiteanna a chinnfidh na Páirtithe;

(c) comhairliúcháin ar leibhéal na n-airí eachtracha, a thionólfar go rialta, go bliantúil nuair is féidir é;

(d) cruinnithe ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach le haghaidh comhairliúchán maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh nó faisnéisithe agus comhar maidir le forbairtí móra intíre nó idirnáisiúnta;

(e) idirphlé maidir le saincheisteanna leasa choitinn; agus

(f) malartú toscaireachtaí idir Parlaimint na hEorpa agus Parlaimint na Nua-Shéalainne.

AIRTEAGAL 4

Comhar in eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta

Gabhann na Páirtithe orthu féin comhoibriú lena chéile trí thuairimí a mhalartú maidir le saincheisteanna beartais leasa choitinn, agus, i gcás inarb iomchuí, faisnéis a roinnt maidir le seasaimh i bhfóraim agus in eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta.

TEIDEAL II

# IDIRPHLÉ POLAITIÚIL AGUS COMHAR MAIDIR LE hÁBHAIR BEARTAIS EACHTRAIGH AGUS SLÁNDÁLA

## AIRTEAGAL 5

### Idirphlé polaitiúil

Comhaontaíonn na Páirtithe a n-idirphlé polaitiúil rialta a fheabhsú ar gach leibhéal, go háirithe d'fhonn ábhair chomhleasa a phlé a chumhdaítear leis an Teideal seo agus chun a gcur chuige comhchoiteann i leith saincheisteanna idirnáisiúnta a neartú. Comhaontaíonn na Páirtithe go gciallóidh an téarma 'idirphlé polaitiúil', chun críocha an Teidil seo, malartuithe agus comhairliúcháin, bídís siad foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, ar aon leibhéal rialtais.

## AIRTEAGAL 6

### Tiomantas do phrionsabail an daonlathais, do chearta an duine agus don smacht reachta

Ar mhaithe le tiomantas comhpháirteach na bPáirtithe do phrionsabail an daonlathais, do chearta an duine agus don smacht reachta a chur ar aghaidh, comhaontaíonn na Páirtithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) croíphrionsabail maidir le luachanna daonlathacha, cearta an duine agus an smacht reachta a chur chun cinn, lena n-áirítear i bhfóraim iltaobhacha; agus

(b) comhoibriú siad agus agus comhordú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, maidir le cur chun cinn praiticiúil phrionsabail an daonlathais, chearta an duine agus an smachta reachta, lena n-áirítear i dtríú tíortha.

## AIRTEAGAL 7

### Bainistiú géarchéime

Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas do chur chun cinn na síochána agus slándála idirnáisiúnta, lena n-áirítear*, inter alia,* tríd an gComhaontú idir an Nua-Shéalainn agus an tAontas Eorpach lena mbunaítear creat do rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne in oibríochtaí bainistithe géarchéime an Aontais Eorpaigh, a síníodh sa Bhruiséil an 18 Aibreán 2012.

## AIRTEAGAL 8

### Gníomhú i gcoinne iomadú na n-arm ollscriosta

1. Is é breith na gComhpháirtithe gurb é atá in iomadú na n-arm ollscriosta ('AOS'), agus na bealaí lena seachadadh, ar ghníomhaithe stáit agus gníomhaithe neamhstáit araon, ceann de na bagairtí is tromchúisí ar an tslándáil agus ar an tslándáil idirnáisiúnta. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a thiomanta atá siad na hoibleagáidí atá orthu cheana a chomhlíonadh agus a chur chun feidhme go hiomlán ar an leibhéal náisiúnta faoi na conarthaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le dí-armáil agus neamhleathadh agus faoi oibleagáidí idirnáisiúnta ábhartha eile. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile agus go rannchuideoidh siad le hiomadú na n-arm ollscriosta agus a modhanna seachadta a chomhrac. Comhaontaíonn na Páirtithe gur gné bhunriachtanach den Chomhaontú seo í an fhoráil seo.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe thairis sin go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile agus go rannchuideoidh siad le hiomadú na n-arm ollscriosta agus a modhanna seachadta a chosc trí an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) bearta a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, chun gach ionstraim idirnáisiúnta ábhartha eile a shíniú, a dhaingniú, nó aontú di, agus chun í a chur chun feidhme;

(b) trí chóras náisiúnta éifeachtach rialaithe onnmhairí a chothabháil, lena rialófaí onnmhairiú agus aistriú earraí atá bainteach le AOS lena n-áirítear rialú ar úsáid deiridh AOS i leith teicneolaíochtaí dé-úsáide agus ina bhfuil smachtbhannaí éifeachtacha i leith sáruithe ar rialuithe onnmhairiúcháin.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe idirphlé rialta polaitiúil maidir leis na saincheisteanna sin a bhunú.

## AIRTEAGAL 9

### Mionarmáin agus armáin éadroma

1. Aithníonn na Comhpháirtithe an bhagairt thromchúiseach don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta a bhaineann le monarú, aistriú agus scaipeadh aindleathach mionarmán agus armán éadrom, lena n-áirítear a n-armlón, agus an iomarca díobh a charnadh, drochbhainistiú a dhéanamh orthu, stoc-chairn díobh a dhaingniú go míchuí agus iad a leathadh gan rialú.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas dá n-oibleagáidí a urramú agus a chur chun feidhme go hiomlán chun déileáil leis an trádáil aindleathach in mionairm agus in airm éadroma ('SALW'), lena n-áirítear a n-armlón, faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana agus faoi rún ó Chomhairle Slándála NA, chomh maith lena ngealltanais faoi chuimsiú ionstraimí idirnáisiúnta is infheidhme sa réimse sin, amhail Clár Gnímh na NA chun trádáil neamhcheadaithe in airm bheaga agus in airm éadroma a chosc, a chomhrac agus a dhíothú go hiomlán.

3. Gabhann na Páirtithe orthu féin comhoibriú lena chéile agus comhordú agus comhlántacht a áirithiú ina gcuid iarrachtaí chun déileáil leis an trádáil aindleathach in SALW, lena n-áirítear a n-armlón, ar an leibhéal domhanda, ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal foréigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta agus comhaontaíonn siad idirphlé polaitiúil rialta a bhunú maidir leis na saincheisteanna sin.

AIRTEAGAL 10

An Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe nár cheart na coireanna is tromchúisí ar údar imní iad don phobal idirnáisiúnta ina iomláine a bheith gan phionós agus gur cheart a áirithiú go ndéanfar iad a ionchúiseamh go héifeachtach trí bhearta a dhéanamh ar an baile nó ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear tríd an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

2. Agus neartú na síochána agus an cheartais idirnáisiúnta á gcur chun cinn, athdhearbhaíonn na Páirtithe go bhfuil rún daingean acu an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) céimeanna a ghlacadh chun Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ('Reacht na Róimhe') a chur chun feidhme agus, de réir mar is iomchuí, ionstraimí gaolmhara a chur chun feidhme;

(b) taithí a roinnt leis na comhpháirtithe réigiúnacha maidir le coigeartuithe dlíthiúla a ghlacadh a bhfuil gá leo chun go bhféadfar Reacht na Róimhe a dhaingniú agus a chur chun feidhme; agus

(c) oibriú i gcomhar le chéile chun sprioc uilíocht agus shláine Reacht na Róimhe a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 11

Comhar chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá comhrac na sceimhlitheoireachta agus urraim iomlán á tabhairt don smacht reachta, don dlí idirnáisiúnta, go háirithe Cairt na Náisiún Aontaithe agus na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, don dlí um chearta an duine, don dlí um dhídeanaithe agus don dlí daonnúil idirnáisiúnta.

2. Faoi chuimsiú an chreata sin, agus Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe, atá i Rún 60/288 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 8 Meán Fómhair 2006, á cur san áireamh, comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a dhíothú, go háirithe, mar seo a leanas:

(a) faoi chuimsiú chur chun feidhme iomlán Rúin 1267, 1373 agus 1540 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus rúin eile de chuid na Náisiún Aontaithe agus ionstraimí idirnáisiúnta is infheidhme;

(b) trí fhaisnéis faoi ghrúpaí sceimhlitheoireachta agus a líonraí tacaíochta a mhalartú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus náisiúnta is infheidhme;

(c) trí thuairimí a mhalartú maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) bealaí agus modhanna a úsáidtear chun dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht, lena n-áirítear i réimsí teicniúla agus oiliúint;

(ii) an sceimhlitheoireacht a chosc; agus

(iii) dea-chleachtais maidir le cearta an duine a chosaint i gcomhrac na sceimhlitheoireachta;

(d) trí chomhar a dhéanamh d'fhonn an comhdhearcadh idirnáisiúnta maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta agus a creat normatach a dhoimhniú agus trí oibriú i dtreo comhaontú maidir leis an gCoinbhinsiún Cuimsitheach um Sceimhlitheoireacht Idirnáisiúnta a luaithe is féidir chun ionstraimí frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe atá ann cheana a chomhlánú; agus

(e) trí chomhar idir Ballstáit na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn chun Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go héifeachtach ar gach bealach iomchuí.

3. Athdheimhníonn na Páirtithe a thiomanta atá siad do na caighdeáin idirnáisiúnta arna mbunú ag an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais ('FATF') chun maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac.

4. Athdheimhníonn na Páirtithe go bhfuil rún daingean acu oibriú le chéile chun cúnamh fothaithe acmhainní frithsceimhlitheoireachta a chur ar fáil do stáit eile a bhfuil acmhainní agus saineolas de dhíth orthu chun gníomhaíocht sceimhlitheoireachta a chosc agus chun freagairt di, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Fhóraim Frithsceimhlitheoireachta Dhomhanda (GCTF).

TEIDEAL III

# COMHAR MAIDIR LE FORBAIRT DHOMHANDA AGUS CABHAIR DHAONNÚIL

## AIRTEAGAL 12

### Forbairt

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a thiomanta atá siad tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe i dtíortha atá i mbéal forbartha d'fhonn an bhochtaineacht a laghdú agus d'fhonn cabhrú le domhan níos sláine, níos cothroime agus níos rathúla a bhaint amach.

2. Aithníonn na Páirtithe an luach a bhaineann le bheith ag obair le chéile chun a áirithiú gur mó tionchar agus raon na ngníomhaíochtaí forbartha, agus gur mó a rachaidh siad i gcion ar dhaoine, lena n-áirítear i réigiún an Aigéin Chiúin.

3. Chuige sin, comhaontaíonn na Páirtithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) tuairimí a mhalartú agus, i gcás inarb iomchuí, seasaimh a chomhordú maidir le saincheisteanna forbartha i bhfóraim réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun fás cuimsitheach, inbhuanaithe a chur chun cinn don fhorbairt dhaonna; agus

(b) faisnéis a mhalartú maidir lena gcláir forbartha faoi seach agus, i gcás inarb iomchuí, rannpháirtíocht na tíre a chomhordú chun a dtionchar ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar dhíothú na bochtaineachta a mhéadú.

## AIRTEAGAL 13

### Cabhair dhaonnúil

Athdheimhníonn na Páirtithe a dtiomantas comhchoiteann do chabhair dhaonnúil agus féachfaidh siad le freagairtí comhordaithe a chur ar fáil de réir mar is iomchuí.

# TEIDEAL IV

# COMHAR MAIDIR LE hÁBHAIR EACNAMAÍOCHA AGUS TRÁDÁLA

## AIRTEAGAL 14

### Idirphlé maidir le cúrsaí eacnamaíocha, trádála agus infheistíochta

1. Tá na Páirtithe tiomanta don idirphlé agus don chomhar i réimsí eacnamaíocha agus trádála agus infheistíochta d'fhonn trádáil dhéthaobhach agus sreafaí infheistíochta a éascú. Ag an am céanna, ag aithint dóibh a thábhachtaí atá sé é sin a dhéanamh trí chóras iltaobhach trádála atá bunaithe ar rialacha, dearbhaíonn na Páirtithe go bhfuil siad tiomanta oibriú le chéile laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('EDT') chun tuilleadh léirscaoilte trádála a bhaint amach.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe malartú faisnéise agus comhroinnt taithí maidir lena mbeartais agus treochtaí maicreacnamaíocha faoi seach a chur chun cinn, lena n-áirítear faisnéis a mhalartú maidir le comhordú beartas eacnamaíoch i gcomhthéacs an chomhair agus an chomhtháthaithe eacnamaíoch réigiúnaigh.

3. Saothróidh na Páirtithe idirphlé substainteach a bheidh dírithe ar thrádáil in earraí a chur chun cinn, lena n-áirítear talmhaíocht agus tráchtearraí príomhúla eile, amhábhair, earraí monaraithe agus táirgí ard--bhreisluacha. Aithníonn na Páirtithe gurb é an cur chuige trédhearcach margadhbhunaithe an bealach is fearr chun timpeallacht a chruthú atá fabhrach don infheistíocht i dtáirgeadh agus i dtrádáil na dtáirgí sin agus chun leithdháileadh agus úsáid éifeachtúil na dtáirgí sin a chothú.

4. Saothróidh na Páirtithe idirphlé substainteach a bheidh dírithe ar thrádáil dhéthaobhach i seirbhísí a chur chun cinn agus ar mhalartú faisnéise agus taithí maidir lena dtimpeallachtaí maoirseachta faoi seach. Comhaontaíonn na Páirtithe freisin an comhar a neartú d’fhonn feabhas a chur ar chórais chuntasaíochta, iniúchóireachta, maoirseachta agus rialála le haghaidh baincéireachta, árachais agus codanna eile den earnáil airgeadais.

5. Molfaidh na Páirtithe forbairt timpeallachta mealltaí agus cobhsaí le haghaidh infheistíochta déthreo trí idirphlé a bheidh dírithe ar fheabhas a chur ar a dtuiscint agus comhar frithpháirteach agus ar a gcomhar maidir le saincheisteanna infheistíochta, ar shásraí a fhiosrú chun sreabha infheistíochta a éascú agus ar rialacha cobhsaí, trédhearcacha agus oscailte a chothú d’infheisteoirí.

6. Coimeádfaidh na Páirtithe a chéile ar an eolas maidir le forbairt gnéithe déthaobhacha agus idirnáisiúnta trádála, infheistíochta agus gnéithe trádála na mbeartas eile, lena n-áirítear a gcur chuige beartais i leith comhaontuithe saorthrádála (‘CSTanna’) agus clár oibre CST faoi seach agus saincheisteanna rialála, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar thrádáil dhéthaobhach agus ar infheistíocht.

7. Saothrófar an t-idirphlé agus an comhar sin maidir le trádáil agus infheistíocht tríd an méid seo a leanas, *inter alia*:

(a) idirphlé bliantúil maidir le beartas trádála ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach, arna chomhlánú ag cruinnithe aireachta maidir le trádáil, nuair a chinnfidh na Páirtithe sin a dhéanamh;

(b) idirphlé bliantúil maidir le trádáil talmhaíochta; agus

(c) malartuithe earnálacha eile, nuair a chinnfidh na Páirtithe sin a dhéanamh.

8. Gabhann na Páirtithe orthu féin comhoibriú chun na coinníollacha a dhaingniú do thrádáil agus d'infheistíocht mhéadaithe eatarthu agus chun iad a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chomhaontuithe nua a chaibidil, i gcás inar féidir.

AIRTEAGAL 15

ÁBHAIR SHLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA

1. Comhaontaíonn na Páirtithe an comhar maidir le saincheisteanna sláintíochta agus fíteashláintíochta a neartú faoi chuimsiú Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm agus faoi chuimsiú Choimisiún Codex Alimentarius, na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe ('OIE') agus na n-eagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus réigiúnacha a oibríonn faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Cosaint Plandaí ('IPPC'). Beidh sé mar aidhm ag an gcomhar sin feabhas a chur ar an tuiscint fhrithpháirteach ar bhearta SPS a chéile agus trádáil idir na Páirtithe a éascú, agus féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ann:

(a) comhroinnt faisnéise;

(b) ceanglais allmhairiúcháin a chur i bhfeidhm maidir le críoch iomlán an Pháirtí eile;

(c) fíorú a dhéanamh ar chórais iniúchta agus deimhniúcháin údaráis an Pháirtí eile, nó ar chuid díobh, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha Codex Alimentarius, OIE agus IPPC maidir le measúnú na gcóras sin; agus

(d) limistéir saor ó lotnaidí agus limistéir saor ó ghalair agus na limistéir ina bhfuil leitheadúlacht íseal lotnaidí nó galar a aithint.

2. Chun na críche sin, geallann na Páirtithe go mbainfidh siad leas iomlán as na hionstraimí atá ann amhail an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le bearta sláintíochta is infheidhme maidir le trádáil ainmhithe beo agus táirgí ainmhithe, a síníodh sa Bhruiséil an 17 Nollaig 1996, agus go gcomhoibreoidh siad i bhfóram déthaobhach iomchuí maidir le saincheisteanna eile SPS nach gcumhdaítear leis an gComhaontú sin.

AIRTEAGAL 16

Leas ainmhithe

Athdhearbhaíonn na Páirtithe freisin a thábhachtaí atá sé tuiscint fhrithpháirteach agus comhar a chothú i gcúrsaí leasa ainmhithe, agus leanfaidh siad d’fhaisnéis a roinnt agus de bheith ag comhoibriú laistigh den Fhóram um Chomhar Leas Ainmhithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus údaráis inniúla na Nua-Shéalainne agus leanfaidh siad de bheith ag obair go dlúth le chéile in OIE maidir leis na hábhair sin.

AIRTEAGAL 17

Bacainní teicniúla ar an trádáil

1. Tá na Páirtithe den tuairim go bhfuil níos mó comhoiriúnachta idir caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta mar ghné lárnach chun trádáil in earraí a éascú.

2. Aithníonn na Páirtithe a leas frithpháirteach bacainní teicniúla ar thrádáil a laghdú agus chuige sin comhaontaíonn siad go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile faoi chuimsiú Chomhaontú EDT maidir le Bacainní Teicniúla ar Thrádáil agus tríd an gComhaontú maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta idir an Comhphobal Eorpach agus an Nua-Shéalainn, a síníodh in Wellington an 25 Meitheamh 1998.

AIRTEAGAL 18

Beartas iomaíochta

Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas an iomaíocht a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha trína ndlíthe agus rialacháin iomaíochta faoi seach. Comhaontaíonn na Páirtithe faisnéis a roinnt maidir le beartas iomaíochta agus saincheisteanna gaolmhara agus comhar a fheabhsú idir a n-údaráis iomaíochta.

## AIRTEAGAL 19

### Soláthar rialtais

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe go bhfuil siad tiomanta do chreataí soláthair rialtais a bheidh oscailte agus trédhearcach lena ndéanfar, i gcomhréir lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta, luach ar airgead, margaí iomaíocha agus cleachtais neamh-idirdhealaitheacha ceannaigh a chur chun cinn agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar an trádáil idir na Páirtithe.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe a gcomhairliúchán, a gcomhar agus a malartú taithí agus dea-chleachtas a neartú a thuilleadh i réimse an tsoláthair rialtais maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh, lena n-áirítear maidir lena gcreataí rialála faoi seach.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe bealaí a fhiosrú chun rochtain ar mhargaí soláthair rialtais a chéile a chur chun cinn a thuilleadh agus tuairimí a mhalartú maidir le bearta agus cleachtais a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do thrádáil soláthair eatarthu.

## AIRTEAGAL 20

### Amhábhair

1. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar an gcomhar maidir le saincheisteanna a bhaineann le hamhábhair trí idirphlé déthaobhach nó laistigh de na socruithe iltaobhacha ábhartha nó laistigh de na hinstitiúidí idirnáisiúnta, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí. Beidh sé d'aidhm ag an gcomhar seo, go háirithe, deireadh a chur le bacainní ar thrádáil in amhábhair, creat domhanda riailbhunaithe a neartú le haghaidh trádáil in amhábhair agus trédhearcacht a chur chun cinn i margaí domhanda d'amhábhair.

2. Féadfar an méid seo a leanas*, inter alia*, a áireamh ar na hábhair le haghaidh comhair:

(a) ceisteanna soláthair agus éilimh, saincheisteanna déthaobhacha trádála agus infheistíochta chomh maith le saincheisteanna leasa a eascraíonn as an trádáil idirnáisiúnta;

(b) bacainní taraife agus neamhtharaifí d'earraí amhábhar, do sheirbhísí gaolmhara agus d'infheistíochtaí gaolmhara;

(c) creataí rialála faoi seach na bpáirtithe; agus

(d) dea-chleachtais i ndáil le forbairt inbhuanaithe thionscal na mianadóireachta, lena n-áirítear beartas mianraí, pleanáil talamhúsáide agus nósanna imeachta ceada.

AIRTEAGAL 21

Maoin intleachtúil

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá a gcearta agus a n-oibleagáidí maidir le cearta maoine intleachtúla, lena n-áirítear cóipcheart agus cearta gaolmhara, trádmharcanna, tásca geografacha, dearaí agus paitinní, agus a bhforfheidhmiú, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde lena gcloíonn na Páirtithe.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe faisnéis a mhalartú agus taithí ar shaincheisteanna maoine intleachtúla a roinnt lena n-áirítear:

(a) cleachtas, cur chun cinn, scaipeadh, sruthlíniú, bainistiú, comhchuibhiú, cosaint agus cur chun feidhme éifeachtach na gceart maoine intleachtúla;

(b) sárú na gceart maoine intleachtúla a chosc;

(c) comhrac an ghóchumtha agus na píoráideachta, trí na foirmeacha iomchuí comhair; agus

(d) feidhmiú na gcomhlachtaí atá i gceannas ar chearta maoine intleachtúla a chosaint agus a fhorghníomhú.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe faisnéis a mhalartú agus idirphlé a chur chun cinn maidir le hacmhainní géiniteacha, eolas traidisiúnta agus béaloideas a chosaint.

## AIRTEAGAL 22

### Custam

1. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar an gcomhar maidir le cúrsaí custaim, lena n-áirítear éascú trádála, d'fhonn nósanna imeachta custaim a shimpliú agus a chomhchuibhiú a thuilleadh agus gníomhaíocht chomhpháirteach a chur chun cinn i gcomhthéacs na dtionscnamh idirnáisiúnta ábhartha.

2. Gan dochar d'fhoirmeacha eile comhair dá bhforáiltear faoin gComhaontú seo, breithneoidh na Páirtithe an bhféadfaí ionstraimí a thabhairt i gcrích maidir le comhar custaim agus cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim.

## AIRTEAGAL 23

### Comhar maidir le hábhair chánachais

1. D'fhonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha a neartú agus a fhorbairt agus an gá atá le creat rialála iomchuí a fhorbairt á chur san áireamh, aithníonn na Páirtithe prionsabail an dea-rialachais i réimse na cánach, i.e. trédhearcacht, malartú faisnéise agus iomaíocht chóir chánach, agus geallann siad go ndéanfaidh siad na prionsabail sin a chur chun feidhme.

2. Chuige sin, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, oibreoidh na Páirtithe chun feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta i réimse na cánach, chun bailiú ioncam cánach dlisteanach a éascú agus chun bearta a fhorbairt chun prionsabail an dea-rialachais dá dtagraítear i mír 1 a chur chun feidhme go héifeachtach.

## AIRTEAGAL 24

### Trédhearcacht

Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá trédhearcacht agus próiseas cuí i dtaca le riar a gcuid dlíthe agus rialachán a bhaineann le trádáil, agus chuige sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais mar a leagtar amach iad i gComhaontuithe EDT, lena n-áirítear Airteagal X den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 agus Airteagal III den Chomhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí.

AIRTEAGAL 25

Trádáil agus forbairt inbhuanaithe

1. Aithníonn na Páirtithe an méid a d'fhéadfaí a dhéanamh chun sprioc na forbartha inbhuanaithe a bhaint amach trí bheartais trádála, chomhshaoil agus saothair a thacaíonn le chéile a chur chun cinn agus athdhearbhaíonn siad a dtiomantas don trádáil agus don infheistíocht dhomhanda agus dhéthaobhach a chur chun cinn ar bhealach a chuideoidh leis an sprioc sin a bhaint amach.

2. Aithníonn na Páirtithe ceart gach Páirtí a leibhéil féin de chosaint an chomhshaoil agus an lucht saothair a bhunú, agus a dhlíthe agus a bheartais ábhartha féin a ghlacadh nó a mhodhnú i gcomhréir lena dtiomantas do chaighdeáin agus do chomhaontuithe a aithnítear go hidirnáisiúnta.

3. Aithníonn na Páirtithe nach iomchuí trádáil nó infheistíocht a spreagadh trí ísliú a dhéanamh nó tairiscint íslithe a dhéanamh ar na leibhéil cosanta a thugtar i ndlíthe baile comhshaoil nó saothair. Aithníonn na Páirtithe nach iomchuí ach oiread dlíthe, beartais agus cleachtais chomhshaoil nó saothair a úsáid chun críocha cosanta trádála.

4. Malartóidh na Páirtithe faisnéis agus roinnfidh siad taithí maidir lena gcuid gníomhaíochtaí chun comhleanúnachas agus tacaíocht fhrithpháirteach a chur chun cinn idir cuspóirí trádála, sóisialta agus comhshaoil, lena n-áirítear i réimsí amhail freagracht shóisialta chorparáideach, earraí agus seirbhísí comhshaoil, táirgí agus teicneolaíochtaí atá neamhdhíobhálach don aeráid agus scéimeanna dearbhaithe inbhuanaitheachta, chomh maith leis na gnéithe eile a leagtar amach i dTeideal VIII, agus neartóidh siad idirphlé agus comhar maidir le saincheisteanna forbartha inbhuanaithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcomhthéacs an chaidrimh trádála.

AIRTEAGAL 26

Idirphlé leis an tsochaí shibhialta

Spreagfaidh na Páirtithe an t-idirphlé idir eagraíochtaí rialtasacha agus neamhrialtasacha, amhail ceardchumainn, fostóirí, comhlachais ghnó, comhlachais tráchtála agus tionscail, d'fhonn trádáil agus infheistíocht a chur chun cinn i réimsí leasa fhrithpháirtigh.

AIRTEAGAL 27

Comhar gnó

Spreagfaidh na Páirtithe naisc níos láidre gnó le gnó agus cuirfidh siad feabhas ar na naisc idir rialtas agus gnó trí ghníomhaíochtaí a bhaineann le gnó, lena n-áirítear i gcomhthéacs Chruinniú an Áise-an Eoraip ('ASEM').

Beidh sé d'aidhm ag an gcomhar seo, go háirithe, iomaíochas fiontar beag agus meánmhéide a fheabhsú.

AIRTEAGAL 28

Turasóireacht

Ag aithint dóibh an luach a bhaineann leis an turasóireacht ó thaobh comhthuiscint agus comh-mheas idir muintir an Aontais agus muintir na Nua-Shéalainne agus na buntáistí eacnamaíocha a bhaineann le turasóireacht mhéadaithe, comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile d'fhonn an turasóireacht a mhéadú sa dá threo idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn.

TEIDEAL V

COMHAR MAIDIR LE CEARTAS, SAOIRSE AGUS SLÁNDÁIL

AIRTEAGAL 29

Comhar dlíthiúil

1. Comhaontaíonn na Páirtithe comhar a fhorbairt in ábhair shibhialta agus thráchtála, go háirithe a mhéid a bhaineann le coinbhinsiúin iltaobhacha maidir le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta a chaibidil, a dhaingniú agus a chur chun feidhme agus, go háirithe, Coinbhinsiúin Chomhdháil na Háige ar Dhlí Príobháideach Idirnáisiúnta i réimse an chomhair agus na dlíthíochta dlíthiúla idirnáisiúnta a réimse na cosanta leanaí.

2. A mhéid a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, leanfaidh na Páirtithe de bheith ag gabháil do chúrsaí cúnaimh dhlíthiúil fhrithpháirtigh, i gcomhréir leis na hionstraimí idirnáisiúnta ábhartha.

Féadfar a áireamh air sin, i gcás inarb iomchuí, aontachas le hionstraimí ábhartha na Náisiún Aontaithe agus cur chun feidhme na n-ionstraimí sin. Féadfar a áireamh air sin freisin, i gcás inarb iomchuí, tacaíocht d'ionstraimí ábhartha Chomhairle na hEorpa agus don chomhar idir údaráis ábhartha na Nua-Shéalainne agus Eurojust.

## AIRTEAGAL 30

### Comhar i bhforfheidhmiú an dlí

Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile idir údaráis, gníomhaireachtaí agus seirbhísí forfheidhmithe dlí agus cuidiú leis an gcoireacht thrasnáisiúnta agus bagairtí sceimhlitheoireachta is coiteann do na Páirtithe a chur ó mhaith agus a dhíchóimeáil. Féadfaidh an comhar idir údaráis forfheidhmithe dlí, gníomhaireachtaí agus seirbhísí a bheith i bhfoirm cúnamh frithpháirteach in imscrúduithe, comhroinnt teicníochtaí imscrúdaitheacha, oideachas agus oiliúint chomhpháirteach pearsanra forfheidhmithe dlí agus aon chineál eile gníomhaíocht chomhpháirteach agus cúnaimh de réir mar a chinnfidh na Páirtithe go frithpháirteach.

AIRTEAGAL 31

An choireacht eagraithe agus an éillitheacht a chomhrac

1. Athdheimhníonn na Páirtithe a thiomanta atá siad comhoibriú chun coireacht thrasnáisiúnta eagraithe, eacnamaíoch agus airgeadais, éilliú, agus góchumadh agus idirbhearta neamhdhleathacha a chosc agus a chomhrac, trí na hoibleagáidí idirnáisiúnta frithpháirteacha atá acu cheana sa réimse sin a chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear na hoibleagáidí maidir le comhar éifeachtach i dtaca le sócmhainní nó cistí a eascraíonn ó ghníomhartha éillitheacha a aisghabháil.

2. Déanfaidh na Páirtithe cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta, a glacadh an 15 Samhain 2000, a chur chun cinn.

3. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn freisin cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe, a glacadh an 31 Deireadh Fómhair 2002, agus prionsabail na trédhearcachta agus na rannpháirtíochta sa tsochaí shibhialta á gcur san áireamh.

AIRTEAGAL 32

Drugaí mídhleathacha a chomhrac

1. Laistigh dá gcumhachtaí agus inniúlachtaí faoi seach, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun cur chuige cothrom comhtháite a áirithiú maidir le saincheisteanna drugaí.

2. Comhoibreoidh na Páirtithe d’fhonn na líonraí coiriúla trasnáisiúnta a bhfuil baint acu le gáinneáil ar dhrugaí a dhíchur trí, *inter alia*, faisnéis, oiliúint nó comhroinnt dea-chleachtas, lena n-áirítear teicnící speisialta imscrúdaithe, a mhalartú. Déanfar iarracht faoi leith dul i bhfód na gcoirpeach ar an ngeilleagar dleathach a chosc.

AIRTEAGAL 33

An chibearchoireacht a chomhrac

1. Neartóidh na Páirtithe an comhar chun an ardteicneolaíocht, an chibearchoireacht agus coireanna leictreonacha agus dáileadh ábhar neamhdhleathach tríd an idirlíon, lena n-áirítear ábhar sceimhlitheoireachta agus ábhar a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí, a chosc agus a chomhrac, trí fhaisnéis agus taithí phraiticiúil a mhalartú i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta agus lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine.

2. Malartóidh na Páirtithe faisnéis i réimsí an oideachais agus na hoiliúna a chuirtear ar imscrúdaitheoirí cibearchoireachta, an imscrúdaithe ar chibearchoireacht agus na heolaíochta fóiréinsí digití.

AIRTEAGAL 34

Frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe gur gá oibriú i gcomhar i ndáil le cosc a chur ar úsáid a gcóras airgeadais chun fáltais ó gach gníomhaíocht choiriúil a sciúradh, lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí agus éilliú, agus i ndáil le maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac. Téann an comhar sin chomh fada le sócmhainní nó cistí a fuarthas ó ghníomhaíochtaí coiriúla a aisghabháil.

2. Malartóidh na Páirtithe faisnéis ábhartha faoi chuimsiú a reachtaíochta faoi seach agus cuirfidh siad chun feidhme bearta iomchuí chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac i gcomhréir le caighdeáin arna nglacadh ag comhlachtaí ábhartha idirnáisiúnta atá gníomhach sa réimse sin, amhail FATF.

## AIRTEAGAL 35

### Imirce agus tearmann

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas don chomhar agus do mhalartú tuairimí i réimsí na himirce, lena n-áirítear an inimirce neamhrialta, gáinneáil ar dhaoine, tearmann, lánpháirtiú, soghluaisteacht agus forbairt saothair, víosaí, slándáil doiciméad, bithmhéadracht agus bainistiú teorainneacha.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile siad chun inimirce neamhrialta a chosc agus a rialú. Chun na críche sin:

(a) ligfidh an Nua-Shéalainn isteach aon duine dá náisiúnaigh a bheidh i láthair go neamhrialta ar chríoch Bhallstáit, arna iarraidh sin don Bhallstát sin agus gan foirmiúlachtaí breise; agus

(b) déanfaidh gach Ballstát aon náisiúnach dá chuid a bheidh i láthair go neamhrialta ar chríoch na Nua-Shéalainne a ligean isteach arís, arna iarraidh sin di agus gan foirmiúlachtaí breise.

I gcomhréir lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta, lena n-áirítear faoin gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta, a síníodh an 7 Nollaig 1944, cuirfidh na Ballstáit agus an Nua-Shéalainn na doiciméid aitheantais iomchuí ar fáil dá náisiúnaigh chun na gcríoch sin.

3. Scrúdóidh na Páirtithe, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, an bhféadfaí comhaontú a thabhairt i gcrích idir an Nua-Shéalainn agus an tAontas maidir le hathligean isteach i gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chomhaontú seo. Áireofar sa chomhaontú sin socruithe iomchuí a bhreithniú le haghaidh náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát.

AIRTEAGAL 36

Cosaint chonsalach

1. Aontaíonn an Nua-Shéalainn go bhféadfaidh údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha aon Bhallstáit a bhfuil ionadaíocht á déanamh air cosaint chonsalach a fheidhmiú sa Nua-Shéalainn thar ceann Ballstát eile nach bhfuil buanionadaíocht inrochtana sa Nua-Shéalainn acu.

2. Comhaontaíonn an tAontas agus na Ballstáit go bhféadfaidh údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha na Nua-Shéalainne cosaint chonsalach a fheidhmiú thar ceann tríú tír agus go bhféadfaidh tríú tíortha cosaint chonsalach a fheidhmiú thar ceann na Nua-Shéalainne san Aontas in áiteanna nach bhfuil buanionadaíocht inrochtana ag an Nua-Shéalainn ná ag an tríú tír lena mbaineann iontu.

3. Tá sé beartaithe le míreanna 1 agus 2 aon cheanglais maidir le fógra nó toiliú, a bhféadfadh feidhm a bheith acu ar shlí eile, a ligean thar ceal.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe idirphlé maidir le gnóthaí consalachta a éascú idir a n-údaráis inniúla faoi seach.

AIRTEAGAL 37

Sonraí pearsanta a chosaint

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile d'fhonn a gcaidreamh a chur chun cinn tar éis chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta ag an Nua-Shéalainn, agus ardleibhéal cosanta do shonraí pearsanta a áirithiú i gcomhréir le hionstraimí agus caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, lena n-áirítear Treoirlínte na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) maidir le Cosaint Príobháideachais agus Sreabha Trasteorann Sonraí Pearsanta.

2. Féadfar a áireamh sa chomhar sin, *inter alia*, malartú faisnéise agus saineolais. Féadfar comhar idir contrapháirtithe rialála i gcomhlachtaí amhail Meitheal OECD um Shlándáil agus Príobháideacht sa Gheilleagar Digiteach agus an Líonra Domhanda um Fhorghníomhú Príobháideachta a áireamh ann freisin.

TEIDEAL VI

COMHAR I RÉIMSÍ AN TAIGHDE,
NA NUÁLAÍOCHTA AGUS NA SOCHAÍ FAISNÉISE

AIRTEAGAL 38

Taighde agus nuálaíocht

1. Comhaontaíonn na Páirtithe an comhar eatarthu i réimsí an taighde agus na nuálaíochta a neartú.

2. Déanfaidh na Páirtithe gníomhaíochtaí comhair i réimsí an taighde agus na nuálaíochta chun críocha síochánta a spreagadh, a fhorbairt agus a éascú, mar thaca nó mar chomhlánú ar an gComhaontú maidir le comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas na Nua-Shéalainne, a síníodh sa Bhruiséil an 16 Iúil 2008.

AIRTEAGAL 39

An tsochaí faisnéise

1. Ag aithint dóibh go bhfuil teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ar phríomhghnéithe an tsaoil nua-aimseartha agus go bhfuil siad ríthábhachtach don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta, comhaontaíonn na Páirtithe tuairimí a mhalartú maidir leis na beartais atá acu faoi seach sa réimse sin.

2. Féadfaidh comhar sa réimse seo díriú, *inter alia*, ar an méid seo a leanas:

(a) tuairimí a mhalartú maidir le gnéithe éagsúla na sochaí faisnéise, go háirithe rolladh amach céimneach leathanbhanda ardluais, beartais agus rialáil cumarsáide leictreonaí, lena n-áirítear seirbhís uilíoch, ceadúnú agus údaruithe ginearálta, príobháideachas agus sonraí pearsanta a chosaint, ríomhsheirbhísí rialtais agus rialtas oscailte, slándáil idirlín agus neamhspleáchas agus éifeachtúlacht na n-údarás rialála;

(b) idirnascadh agus idir-inoibritheacht na líonraí taighde agus na mbonneagar agus na seirbhísí ríomhaireachta agus sonraí eolaíocha, lena n-áirítear i gcomhthéacs réigiúnach;

(c) caighdeánú, deimhniú agus scaipeadh teicneolaíochtaí nua faisnéise agus cumarsáide;

(d) gnéithe slándála, iontaoibhe agus príobháideachais maidir le teicneolaíochtaí agus seirbhísí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear sábháilteacht ar líne a chur chun cinn, mí-úsáid theicneolaíocht na faisnéise agus gach cineál meán leictreonach a chomhrac, agus comhroinnt faisnéise; agus

(e) tuairimí a mhalartú maidir le bearta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist chostas na fánaíochta soghluaiste idirnáisiúnta.

TEIDEAL VII

COMHAR I RÉIMSE AN OIDEACHAIS, AN CHULTÚIR AGUS NAISC IDIR DAOINE

AIRTEAGAL 40

Oideachas agus oiliúint

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an t-oideachas agus an oiliúint chun poist ardcháilíochta agus fás inbhuanaithe a chruthú do gheilleagair eolasbhunaithe, go háirithe trí shaoránaigh a fhorbairt, ní hamháin a bheidh faoi réir don rannpháirtíocht fheasach agus éifeachtach sa saol daonlathach, ach a mbeidh sé d’acmhainn iontu freisin fadhbanna a réiteach agus na deiseanna a thapú a eascróidh as saol an 21$^{ú}$ haois agus sinn cónasctha go domhanda. Dá bhrí sin, aithníonn na Páirtithe gurb é a leas coiteann comhoibriú i réimsí an oideachais agus na hoiliúna.

2. I gcomhréir lena leasanna frithpháirteacha agus le haidhmeanna a mbeartas maidir le hoideachas, gabhann na Páirtithe orthu féin tacú le comhghníomhaíochtaí iomchuí i réimse an oideachais agus na hoiliúna. Bainfidh an comhar sin le gach earnáil oideachais agus d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh leis:

(a) comhoibriú ar shoghluaisteacht foghlama daoine aonair trí mhalartú mac léinn, taighdeoirí, foirne acadúla agus riaracháin institiúidí agus oideachais threasaigh agus múinteoirí a chur chun cinn agus a éascú;

(b) tionscadail chomhair chomhpháirteacha idir institiúidí oideachais agus oiliúna san Aontas agus sa Nua-Shéalainn d'fhonn forbairt curaclaim, cláir staidéir agus céimeanna comhpháirteacha agus soghluaisteacht mac léinn agus foirne a chur chun cinn;

(c) comhar institiúideach, naisc agus comhpháirtíochtaí d'fhonn gné oideachasúil thriantán an eolais a neartú agus d'fhonn malartú taithí agus fios gnó a chur chun cinn; agus

(d) tacaíocht d'athchóiriú beartas trí staidéir, comhdhálacha, seimineáir, meithleacha, cleachtaí tagarmharcála agus malartú faisnéise agus dea-chleachtais, go háirithe i bhfianaise phróisis Bologna agus Chóbanhávan agus na n-uirlisí agus na bprionsabal atá i bhfeidhm agus a chuireann leis an trédhearcacht agus an nuálaíocht san oideachas.

AIRTEAGAL 41

Comhar cultúrtha, closamhairc agus meán

1. Comhaontaíonn na Páirtithe comhar níos dlúithe a chur chun cinn in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta d'fhonn feabhas a chur, *inter alia*, ar an tuiscint agus an t-eolas frithpháirteach atá acu ar a gcultúir faoi seach.

2. Féachfaidh na Páirtithe le bearta iomchuí a ghlacadh chun malartuithe cultúrtha a chur chun cinn agus tionscnaimh chomhpháirteacha a chur i gcrích i réimsí cultúrtha éagsúla, agus leas á bhaint as na hionstraimí agus na creataí comhair atá ar fáil.

3. Féachfaidh na Páirtithe le soghluaisteacht gairmithe cultúir, saothar ealaíne agus réad cultúrtha eile idir an Nua-Shéalainn agus an tAontas agus a Bhallstáit a chur chun cinn.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhféachfaidh siad, trí idirphlé beartais, ar bhealaí éagsúla inar féidir rochtain ar réada cultúrtha atá á gcoinneáil lasmuigh dá dtíortha tionscnaimh a thabhairt do na pobail inar tionscnaíodh na réada sin.

5. Spreagfaidh na Páirtithe comhphlé idirchultúrtha idir eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus idir daoine aonair ón dá Pháirtí.

6. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile, go háirithe trí idirphlé beartais, i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO), chun cuspóirí comhchoiteanna a shaothrú agus chun an éagsúlacht chultúrtha a chothú, lena n-áirítear trí Choinbhinsiún UNESCO ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn a chur chun feidhme.

7. Déanfaidh na Páirtithe malartuithe, comhar agus idirphlé idir institiúidí agus gairmithe in earnáil an chlosamhairc agus in earnáil na meán a spreagadh, a thacú agus a éascú.

AIRTEAGAL 42

Naisc idir Daoine

Ag aithint dóibh an luach a bhaineann le naisc idir daoine agus an méid a chuireann siad leis an tuiscint idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn a fheabhsú, comhaontaíonn na Páirtithe na naisc sin a spreagadh, a chothú agus a dhoimhniú, de réir mar is iomchuí. D'fhéadfadh malartú oifigeach agus intéirneachtaí gearrthéarmacha do mhic léinn iarchéime a bheith san áireamh leis na naisc sin.

TEIDEAL VIII

COMHAR I RÉIMSE NA FORBARTHA INBHUANAITHE, AN FHUINNIMH AGUS AN IOMPAIR

AIRTEAGAL 43

An comhshaol agus acmhainní nádúrtha

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile maidir le hábhair comhshaoil, lena n-áirítear bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha. Is é is aidhm don chomhar sin cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn agus cúrsaí comhshaoil a phríomhshruthú sna hearnálacha comhair ábhartha, lena n-áirítear i gcomhthéacs idirnáisiúnta agus réigiúnach.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhféadfar tabhairt faoi chomhar trí mhodhanna amhail idirphlé, ceardlanna, seimineáir, comhdhálacha, cláir agus tionscadail chomhoibritheacha, comhroinnt faisnéise amhail dea-chleachtais, agus malartú saineolaithe, lena n-áirítear ar an leibhéal déthaobhach nó ar an leibhéal iltaobhach. Déanfar na topaicí agus na cuspóirí le haghaidh comhair a shainaithint go comhpháirteach ar iarraidh ó cheachtar Páirtí.

AIRTEAGAL 44

Feabhsú sláinte, cosaint agus rialáil

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go gcuirfidh siad feabhas ar an gcomhar i réimse na sláinte, lena n-áirítear i gcomhthéacs an domhandaithe agus an athraithe dhéimeagrafaigh. Déanfar iarrachtaí comhar agus malartú faisnéise agus taithí a chur chun cinn maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) cosaint sláinte;

(b) faireachas ar ghalair theagmhálacha (amhail ráigeanna fliú agus géarghalair) agus gníomhaíochtaí eile laistigh de raon feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (2005), lena n-áirítear gníomhaíochtaí ullmhachta i gcoinne mórbhagairtí trasteorann, go háirithe pleanáil ullmhachta agus measúnú riosca;

(c) comhar maidir le caighdeáin, agus measúnú comhréireachta chun bainistiú a dhéanamh ar rialáil agus ar riosca ó tháirgí (lena n-áirítear táirgí cógaisíochta agus feistí leighis);

(d) saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme Chreat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte ('EDT') maidir le Rialú Tobac; agus

(e) saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme Cód Cleachtais Domhanda EDS maidir le hEarcaíocht Idirnáisiúnta Pearsanra Sláinte.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantais maidir le cleachtais agus caighdeáin sláinte a aithnítear go hidirnáisiúnta a urramú, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go héifeachtach, de réir mar is iomchuí.

3. Féadfar a áireamh ar na cineálacha comhair, *inter alia*, cláir shonracha agus tionscadail shonracha, mar a chomhaontófar go frithpháirteach iad, chomh maith le hidirphlé, comhar agus tionscnaimh ar ábhair leasa choitinn ar an leibhéal déthaobhach nó ar an leibhéal iltaobhach.

AIRTEAGAL 45

An t-athrú aeráide

1. Aithníonn na Páirtithe an t-athrú aeráide mar ábhar imní domhanda práinneach a éilíonn gníomhaíocht chomhchoiteann a bheidh comhsheasmhach leis an sprioc fhoriomlán an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choimeád faoi bhun 2 chéim Celsius os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí faoi seach agus gan dochar don phlé i bhfóraim eile, comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile i réimsí leasa chomhpháirtigh, lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:

(a) an t-aistriú chuig geilleagair ina bhfuil astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa trí straitéisí agus gníomhaíochtaí maolaithe atá iomchuí go náisiúnta, lena n-áirítear straitéisí don fhás glas;

(b) ceapadh, cur chun feidhme agus oibriú sásraí margadhbhunaithe, agus go háirithe scéimeanna trádála carbóin;

(c) ionstraimí maoiniúcháin de chuid na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí don ghníomhú ar son na haeráide;

(d) taighde, forbairt agus úsáid na teicneolaíochta maidir le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa; agus

(e) faireachán ar gháis cheaptha teasa agus anailís ar a n-éifeachtaí, lena n-áirítear straitéisí oiriúnaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme de réir mar is iomchuí.

2. Comhaontaíonn an dá Pháirtí tuilleadh oibre i gcomhar le chéile maidir le forbairtí idirnáisiúnta sa réimse seo agus, go háirithe, maidir le dul chun cinn i dtreo comhaontú idirnáisiúnta nua iar-2020 a ghlacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide chomh maith le tionscnaimh chomhoibríocha chomhlántacha a chabhródh le haghaidh a thabhairt ar bhearna an mhaolaithe roimh 2020.

AIRTEAGAL 46

Bainistiú rioscaí tubaiste agus cosaint shibhialta

Aithníonn na Páirtithe gur gá bainistiú a dhéanamh ar rioscaí tubaiste nádúrtha agus de dhéanamh an duine ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal domhanda. Dearbhaíonn na Páirtithe a gcomhthiomantas do bhearta coisctheacha, maolaithe, ullmhachta, freagartha agus téarnaimh a fheabhsú d’fhonn athléimneacht a sochaithe agus a mbonneagar a mhéadú, agus comhoibriú de réir mar is iomchuí, ar an leibhéal déthaobhach agus iltaobhach polaitiúil chun feabhas a chur ar na torthaí domhanda maidir le bainistiú rioscaí tubaiste.

## AIRTEAGAL 47

### Fuinneamh

Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá earnáil an fhuinnimh, agus an ról atá ag margadh dea-fheidhmiúil fuinnimh. Aithníonn na Páirtithe tábhacht an fhuinnimh i ndáil leis an bhforbairt inbhuanaithe, an fás eacnamaíoch agus an méid a chuireann sé leis na spriocanna forbartha a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a bhaint amach, agus aithníonn siad freisin a thábhachtaí atá an comhar chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda chomhshaoil, go háirithe an t-athrú aeráide. Féachfaidh na Páirtithe, laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí faoi seach, leis an gcomhar a fheabhsú sa réimse seo d’fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) beartais a fhorbairt chun slándáil fuinnimh a mhéadú;

(b) trádáil agus infheistíocht dhomhanda fuinnimh a chur chun cinn;

(c) iomaíochas a fheabhsú;

(d) feidhmiú na margaí fuinnimh domhanda a fheabhsú;

(e) malartú faisnéise agus taithí ar bheartais trí fhóraim iltaobhacha fuinnimh atá ann cheana;

(f) úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn chomh maith le forbairt agus glacadh teicneolaíochtaí fuinnimh atá glan, éagsúil agus inbhuanaithe, lena n-áirítear teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite agus íseal-astaíochtaí;

(g) úsáid réasúnach fuinnimh a bhaint amach le rannchuidithe ó thaobh an tsoláthair agus an éilimh araon trí éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn i dtáirgeadh, iompar agus dáileadh fuinnimh agus úsáid deiridh fuinnimh;

(h) a ngealltanais idirnáisiúnta faoi seach a chur chun feidhme maidir le fóirdheontais neamhéifeachtúla do bhreoslaí iontaise, lena spreagtar tomhaltas diomailteach, a chuíchóiriú chéimniú amach sa mheántéarma; agus

(i) dea-chleachtais i dtaiscéalaíocht agus i dtáirgeadh fuinnimh a roinnt.

## AIRTEAGAL 48

### Iompar

1. Comhoibreoidh na Páirtithe i ngach réimse ábhartha den bheartas iompair, lena n-áirítear beartas iompair comhtháite, d'fhonn gluaiseacht earraí agus paisinéirí a fheabhsú, sábháilteacht agus slándáil mhuirí agus eitlíochta a chur chun cinn, cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn agus éifeachtúlacht a gcóras iompair a mhéadú.

2. Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an gcomhar agus an t-idirphlé idir na Páirtithe sa réimse seo an méid seo a leanas a chur chun cinn:

(a) malartú faisnéise maidir lena mbeartais agus lena gcleachtais faoi seach;

(b) neartú an chaidrimh eitlíochta idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn ag féachaint don mhéid seo a leanas:

   (i) feabhas a chur ar rochtain ar an margadh, ar dheiseanna infheistíochta agus ar léirscaoileadh na gclásal maidir le húinéireacht agus rialú aeriompairí i gcomhaontuithe maidir le haersheirbhísí i gcomhréir leis na beartais intíre;

(ii) an comhar rialála a leathnú agus a dhoimhniú sa tsábháilteacht eitlíochta agus i slándáil agus rialáil eacnamaíoch an tionscail aeriompair; agus

(iii) tacú le cóineasú rialála agus deireadh le bacainní ar ghnó, chomh maith le comhar maidir le bainistiú aerthráchta;

(c) na spriocanna maidir le rochtain neamhshrianta ar na margaí muirí idirnáisiúnta agus trádáil atá bunaithe ar iomaíocht chóir ar bhonn tráchtála; agus

(d) aitheantas frithpháirteach do cheadúnais tiomána le haghaidh mótarfheithiclí talamhbhunaithe.

AIRTEAGAL 49

Talmhaíocht, forbairt tuaithe agus foraoiseacht

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go spreagfaidh siad an comhar agus an t-idirphlé sa talmhaíocht, san fhorbairt tuaithe agus san fhoraoiseacht.

2. I measc na réimsí ina bhféadfaí gníomhaíochtaí a bhreithniú, áirítear an beartas talmhaíochta, an beartas forbartha tuaithe, struchtúr na n-earnálacha talamhbhunaithe agus na dtásc geografach ach gan a bheith teoranta dóibh.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile, ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí agus maidir le beartais agus rialacháin ghaolmhara, lena n-áirítear bearta chun an lománaíocht neamhdhleathach agus an trádáil ghaolmhar a chomhrac, mar aon le dea-rialachas foraoise a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 50

Gnóthaí iascaigh agus muirí

1. Neartóidh na Páirtithe an t-idirphlé agus an comhar maidir le saincheisteanna leasa choitinn i réimsí an iascaigh agus na ngnóthaí muirí. Beidh sé mar aidhm ag na Páirtithe caomhnú fadtéarmach agus bainistiú inbhuanaithe beo-acmhainní muirí, cosc agus comhrac na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte ('iascaireacht NNN') agus cur chuige atá bunaithe ar éiceachórais i leith an bhainistithe a chur chun feidhme a chur chun cinn.

2. Féadfaidh na Páirtithe oibriú i gcomhar le chéile agus faisnéis a mhalartú maidir le beo-acmhainní muirí a chaomhnú trí na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh ('ERBIanna') agus trí fhóraim iltaobhacha (NA, Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe). Go háirithe, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a áirithiú, trí bhainistíocht éifeachtach ag an gCoimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir, agus bunaithe ar an eolaíocht is fearr atá ar fáil, go ndéanfar stoic éisc mhórimirceacha a chaomhnú go fadtéarmach agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe feadh a réimse uile san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir, lena n-áirítear trí aitheantas iomlán a thabhairt, i gcomhréir le Coinbhinsiúin ábhartha na Náisiún Aontaithe agus le hionstraimí idirnáisiúnta eile, do riachtanais speisialta Stáit agus Críocha Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha, agus próiseas cinnteoireachta trédhearcach á áirithiú;

(b) caomhnú agus úsáid réasúnach acmhainní beo-acmhainní muirí a áirithiú faoi chúram an Coimisiúin um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha, lena n-áirítear iarrachtaí chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí NNN sa limistéar a bhfuil feidhm maidir leis ag an gCoinbhinsiún maidir le Caomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha;

(c) a áirithiú go nglacfar agus go gcuirfear chun feidhme bearta caomhnaithe agus bainistíochta éifeachtacha do na stoic atá faoi chúram RFMO an Aigéin Chiúin Theas; agus

(d) aontachas le ERBInna a éascú i gcás inar comhalta Páirtí amháin agus Páirtí aontach an páirtí eile.

3. Comhoibreoidh na Páirtithe chun cur chuige comhtháite i leith gnóthaí muirí a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta.

4. Beidh idirphlé rialta débhliantúil ag na Páirtithe ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach, d’fhonn idirphlé agus comhar a neartú agus freisin d’fhonn faisnéis agus taithí a mhalartú maidir le beartas iascaigh agus gnóthaí muirí.

AIRTEAGAL 51

Fostaíocht agus gnóthaí sóisialta

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go gcuirfidh siad feabhas ar an gcomhar i réimse na fostaíochta agus gnóthaí sóisialta, lena n-áirítear i gcomhthéacs ghné shóisialta an domhandaithe agus an athraithe dhéimeagrafaigh. Déanfar iarrachtaí comhar agus malartú faisnéise agus taithí a chur chun cinn maidir le hábhair fostaíochta agus saothair. Féadfar a áireamh ar na réimsí comhair beartais fostaíochta, dlí an tsaothair, saincheisteanna inscne, neamh-idirdhealú san fhostaíocht, cuimsiú sóisialta, beartais slándála sóisialta agus cosanta sóisialta, caidreamh tionsclaíoch, idirphlé sóisialta, forbairt scileanna ar feadh an tsaoil, fostaíocht don aos óg, sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, freagracht shóisialta chorparáideach agus obair chuibhiúil.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe gur gá tacú le próiseas domhandaithe a théann chun tairbhe gach duine agus fostaíocht iomlán tháirgiúil agus obair chuibhiúil a chur chun cinn mar phríomhghné den fhorbairt inbhuanaithe agus de laghdú na bochtaineachta. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn na Páirtithe an Dearbhú ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Ceartas Sóisialta don Domhandú Cothrom.

3. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas prionsabail agus cearta saothair a aithnítear go hidirnáisiúnta a urramú, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go héifeachtach, mar a leagtar síos go háirithe i nDearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair.

4. Féadfar a áireamh ar na cineálacha comhair, *inter alia*, cláir agus tionscadail shonracha, mar a chomhaontófar go frithpháirteach iad, chomh maith le hidirphlé, comhar agus tionscnaimh ar ábhair leasa choitinn ar an leibhéal déthaobhach nó ar an leibhéal iltaobhach.

## TEIDEAL IX

## CREAT INSTITIÚIDEACH

### AIRTEAGAL 52

### Comhaontuithe nó socruithe eile

1. Féadfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a chomhlánú trí chomhaontuithe nó socruithe sonracha a thabhairt i gcrích in aon réimse comhair a thagann faoina raon feidhme. Na comhaontuithe agus na socruithe sonracha sin a thabharfar i gcrích tar éis shíniú an Chomhaontaithe seo, is cuid dhílis a bheidh iontu den chaidreamh déthaobhach foriomlán mar a rialaítear leis an gComhaontú seo é, agus is cuid de chreat coiteann institiúideach a bheidh iontu. Ní cuid den chreat coiteann institiúideach iad na comhaontuithe agus na socruithe atá ann cheana féin idir na Páirtithe.

2. Ní dhéanfaidh aon ní sa Chomhaontú seo difear ná dochar do léiriú ná do chur i bhfeidhm comhaontuithe eile idir na Páirtithe, lena n-áirítear na comhaontuithe sin dá dtagraítear i mír 1. Go háirithe, ní ghabhfaidh forálacha an Chomhaontaithe seo ionad, ná ní dhéanfaidh siad difear ar dhóigh ar bith, do na forálacha maidir le réiteach díospóidí nó foirceannadh atá i gcomhaontuithe eile idir na Páirtithe.

## AIRTEAGAL 53

## An Comhchoiste

1. Bunaíonn na Páirtithe leis seo Comhchoiste ar a mbeidh ionadaithe do na Páirtithe.

2. Tionólfar comhairliúcháin sa Chomhchoiste le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a éascú agus le cuspóirí ginearálta an Chomhaontaithe seo a chur chun cinn agus le comhleanúnachas foriomlán a choimeád sa chaidreamh idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn.

3. Is iad feidhmeanna an Chomhchoiste:

(a) cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe seo a chur chun cinn;

(b) faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an chaidrimh chuimsithigh idir na Páirtithe;

(c) faisnéis a iarraidh, de réir mar is iomchuí, ó choistí nó ó chomhlachtaí eile arna mbunú faoi chomhaontuithe sonracha eile idir na Páirtithe ar cuid iad den chreat coiteann institiúideach i gcomhréir le hAirteagal 52(1), agus breithniú a dhéanamh ar aon tuarascálacha a thíolacfaidh siad;

(d) tuairimí a mhalartú agus moltaí a dhéanamh maidir le haon saincheisteanna comhleasa, lena n-áirítear gníomhaíochtaí sa todhchaí agus na hacmhainní atá ar fáil chun iad a chur i gcrích;

(e) tosaíochtaí a leagan síos i ndáil le cuspóir an Chomhaontaithe seo;

(f) modhanna iomchuí fadhbanna foraoisithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn i limistéir a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a lorg;

(g) féachaint le haon díospóid a réiteach a éireoidh i bhfeidhmiú nó i léiriú an Chomhaontaithe seo;

(h) scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a thíolacfaidh Páirtí i gcomhréir le hAirteagal 54; agus

(i) moltaí a dhéanamh agus cinntí a ghlacadh, i gcás inarb iomchuí, chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe sonracha den Chomhaontú seo.

4. Is trí chomhthoil a fheidhmeoidh an Comhchoiste. Glacfaidh sé a rialacha nós imeachta féin. Féadfaidh sé fochoistí agus meithleacha a chur ar bun chun déileáil le saincheisteanna sonracha.

5. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile uair sa bhliain de ghnáth san Aontas agus sa Nua-Shéalainn gach re seach, mura gcinnfidh an dá Pháirtí a mhalairt. Tionólfar cruinnithe speisialta den Chomhchoiste arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí. Déanfaidh an dá thaobh comhchathaoirleacht ar an gComhchoiste. Is iondúil gur ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach a thiocfaidh sé le chéile.

AIRTEAGAL 54

Módúlachtaí le haghaidh cur chun feidhme agus réiteach díospóide

1. Déanfaidh na Páirtithe aon bhearta ginearálta nó sonracha is gá chun a n-oibleagáidí faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh.

2. Gan dochar don nós imeachta a thuairiscítear i míreanna 3 go 8 den Airteagal seo, is trí chomhairliúcháin idir na Páirtithe laistigh den Chomhchoiste, go heisiach, a dhéanfar aon díospóid a bhaineann le léiriú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a réiteach. Cuirfidh na Páirtithe faoi bhráid an Chomhchoiste an fhaisnéis ábhartha is gá chun scrúdú críochnúil a dhéanamh ar an ábhar d'fhonn an díospóid a réiteach.

3. Agus a dtiomantas láidir comhroinnte do chearta an duine agus don neamhleathadh á athdhearbhú acu, comhaontaíonn na Páirtithe, go dtabharfaidh siad, má mheasann ceachtar Páirtí go bhfuil sárú tromchúiseach agus substaintiúil fíorthromchúiseach déanta ar aon cheann de na hoibleagáidí a thuairiscítear in Airteagail 2(1) agus 8(1) mar ghnéithe bunriachtanacha, a chuireann an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta i mbaol ionas go mbeidh freagairt láithreach ag teastáil, go dtabharfaidh siad fógra láithreach don Pháirtí eile faoin bhfíoras sin agus faoin mbeart nó faoi na bearta iomchuí atá beartaithe aige a dhéanamh faoin gComhaontú seo. Tabharfaidh an Páirtí a thugann fógra comhairle don Chomhchoiste maidir leis an ngá atá le comhairliúcháin phráinneacha a thionól maidir leis an ábhar.

4. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sárú fíorthromchúiseach substaintiúil ar na heilimintí bunriachtanacha fónamh mar fhorais do bhearta iomchuí faoin gcreat coiteann institiúideach dá dtagraítear in Airteagal 52(1).

5. Is fóram le haghaidh idirphlé a bheidh sa Chomhchoiste agus déanfaidh na Páirtithe a míle dícheall teacht ar réiteach cairdiúil sa chás nach dóchúil go dtiocfadh staid mar a thuairiscítear i mír 3 chun cinn. I gcás nach mbeidh an Comhchoiste in ann teacht ar réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach laistigh de 15 lá ó thús na gcomhairliúchán, agus tráth nach déanaí ná 30 lá ó dháta an fhógra a bhfuil tuairisc air i mír 3, tarchuirfear an cheist le haghaidh comhairliúchán ar leibhéal na n-airí, a thionólfar ar feadh tréimhse breise suas le 15 lá.

6. Mura dtiocfar ar réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach laistigh de 15 lá ó thús na gcomhairliúchán ar leibhéal na n-airí, agus tráth nach déanaí ná 45 lá ón dáta a dtabharfar an fógra, féadfaidh an Páirtí a thugann fógra a chinneadh na bearta iomchuí a bheidh curtha in iúl i gcomhréir le mír 3 a ghlacadh. San Aontas, bheadh aontoilíocht i gceist leis an gcinneadh fionraí. Sa Nua-Shéalainn, is é Rialtas na Nua-Shéalainne a dhéanfadh an cinneadh fionraí a chur ar fionraí de réir a dhlíthe agus a rialachán.

7. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘bearta iomchuí’ an Comhaontú seo a chur ar fionraí go hiomlán nó a fhoirceannadh nó, de réir mar a bheidh, comhaontú sonrach eile atá ina chuid den chreat coiteann institiúideach dá dtagraítear in Airteagal 52(1) a chur ar fionraí go hiomlán nó a fhoirceannadh, de bhun fhorálacha ábhartha an chomhaontaithe sin. Ní bheidh feidhm ag bearta iomchuí a dhéanfaidh Páirtí chun an Comhaontú seo a fhionraí go páirteach ach amháin maidir leis na forálacha a thagann faoi Theideal I go Teideal VIII. Agus bearta iomchuí á roghnú, ní mór tosaíocht a thabhairt do na bearta sin is lú a chuirfidh as don chaidreamh idir na Páirtithe. Beidh na bearta sin, atá faoi réir Airteagal 52(2), comhréireach le sárú na n-oibleagáidí faoin gComhaontú seo, agus beidh siad i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

8. Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú leanúnach ar fhorbairt na staide a spreag an gníomh faoin Airteagal seo. An Páirtí a ghlacfaidh na bearta iomchuí, tarraingeoidh sé siar iad a luaithe a bheidh údar leis sin, agus in aon chás a luaithe nach ann a thuilleadh do na himthosca ba chúis lena gcur i bhfeidhm.

## TEIDEAL X

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

### AIRTEAGAL 55

### Sainmhínithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, ciallaíonn an téarma 'na Páirtithe' an tAontas nó a Bhallstáit, nó an tAontas agus a Bhallstáit, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, ar thaobh amháin, agus an Nua-Shéalainn, ar an taobh eile.

### AIRTEAGAL 56

### Nochtadh faisnéise

1. Ní dhéanfaidh aon ní sa Chomhaontú seo dochar do dhlíthe agus rialacháin náisiúnta ná do ghníomhartha an Aontais maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid oifigiúla.

2. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a cheanglaíonn ar cheachtar Páirtí faisnéis a chur ar fáil, ar measann an Páirtí go mbeadh a nochtadh contrártha do leasanna bunúsacha slándála an Pháirtí.

## AIRTEAGAL 57

### Leasú

Féadfar an Comhaontú seo a leasú trí chomhaontú i scríbhinn idir na Páirtithe. Tiocfaidh na leasuithe sin i bhfeidhm ar cibé dáta nó dátaí a fhéadfaidh na Páirtithe a chomhaontú.

## AIRTEAGAL 58

### Teacht i bhfeidhm, ré agus fógra

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an tríochadú lá tar éis an dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile gur chuir siad i gcrích a nósanna imeachta faoi seach ba ghá chun na críche sin.

2. D’ainneoin mhír 1, féadfaidh an Nua-Shéalainn agus an tAontas forálacha den Chomhaontú seo, arna gcinneadh go frithpháirteach, a chur i bhfeidhm go sealadach ar feitheamh a theacht i bhfeidhm. Tosóidh an cur i bhfeidhm sealadach sin an tríochadú lá tar éis an dáta a mbeidh fógra tugtha ag an Nua-Shéalainn agus ag an Aontas araon dá chéile gur críochnaíodh a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach is gá chun iad a chur i bhfeidhm go sealadach.

3. Beidh an Comhaontú seo bailí gan teorainn ama. Féadfaidh ceachtar Páirtí fógra a thabhairt i scríbhinn don Pháirtí eile go bhfuil sé ar intinn aige an Comhaontú seo a fhoirceannadh. Beidh feidhm leis an bhfoirceannadh trí mhí tar éis dháta an fhógra sin.

4. Na fógraí a dhéanfar i gcomhréir leis an Airteagal seo, is chuig Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus Aireacht Gnóthaí Eachtracha agus Trádála na Nua-Shéalainne a dhéanfar iad.

AIRTEAGAL 59

Cur i bhfeidhm críochach

Beidh feidhm ag an gComhaontú seo, de pháirt amháin, maidir leis na críocha ina bhfuil feidhm ag an gConradh i maidir leis an Aontas Eorpach agus an Conradh maidir le Feidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin agus, den pháirt eile, maidir le críoch na Nua-Shéalainn, ach ní áireofar Tokelau ann.

AIRTEAGAL 60

Téacsanna barántúla

Tá an Cinneadh seo á dhéanamh i ndúblach sna teangacha seo a leanas: Béarla, Bulgáiris, Cróitis, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Seicis, Slóivéinis, Slóvaicis, Spáinnis, Sualainnis, Ungáiris, agus comhúdarás ag gach leagan díobh. I gcás aon éagsúlacht idir téacsanna an Chomhaontaithe seo, cuirfidh na Páirtithe an t-ábhar faoi bhráid an Chomhchoiste.